Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**14270/23**

**INST 396**
**CMPT 27**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar triúr Comhaltaí den Chúirt Iniúchóirí<br>- Glacadh |

1. De bhun Airteagal 286(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, glacfaidh an Chomhairle, tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, an liosta de Chomhaltaí den Chúirt Iniúchóirí arna tharraingt suas i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag gach Ballstát, go ceann téarma 6 bliana.

2. An athnuachan pháirteach atá á déanamh faoi láthair ar an gCúirt Iniúchóirí, baineann sí leis an triúr comhaltaí a rachaidh a dtéarma oifige in éag an 29 Feabhra 2024[1].

3. Chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa an 22 Meán Fómhair 2023 maidir le ceapachán na ndaoine seo a leanas:

   (a) Alejandro BLANCO FERNÁNDEZ, arna mholadh ag Ríocht na Spáinne[2];

   (b) Bettina Michelle JAKOBSEN, arna moladh ag Ríocht na Danmhairge[3];

   (c) Tony MURPHY, arna mholadh ag Éirinn[4].

[1] 6023/23.
[2] 7925/23.
[3] 11470/23.
[4] 11884/23.

4. An 9 Samhain 2023, d'eisigh Parlaimint na hEorpa tuairimí uaithi maidir leis na ceapacháin sin.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an gCinneadh lena gceaptar na Comhaltaí thuasluaite den Chúirt Iniúchóirí, mar a leagtar amach in 14268/23 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheith ann amach anseo.